An tÚdarás Eorpach Saothair

# Tiománaithe ar phostú – bí eolach ar do chearta agus ar do dhualgais

Tá na rialacha nua 'postú tiománaithe' i bhfeidhm ón 2 Feabhra 2022 i leith



ELA
AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

HP-01-22-237-GA-C

ELA
AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

**An tÚdarás Eorpach Saothair**

Landererova 12, 811 09
An Bhratasláiv - An tSlóvaic
info@ela.europa.eu

**www.ela.europa.eu**

**Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag Your Europe Portal**

© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2022

Níl an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann ELA freagrach as úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis sa doiciméad seo.

Tá atáirgeadh údaraithe ar choinníoll go dtugtar admháil i leith an fhoinse. Chun aon ghrianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart ELA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Cóipcheart íomhánna: © iStock.com/Hilch


Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

Print ISBN 978-92-9464-232-5 doi:10.2883/986956 HP-01-22-237-GA-C

PDF ISBN 978-92-9464-204-2 doi:10.2883/596829 HP-01-22-237-GA-N

2022.1917_GA.indd 1-2 12/8/22 9:13

# Is tiománaí ar phostú thú



Má dhéanann tú oibríochtaí iompair ar feadh tréimhse teoranta i mBallstát eile de AE seachas an ceann ina bhfuil d'fhostóir bunaithe, agus go ndéanann tú na hoibríochtaí seo a leanas, is tiománaí ar phostú thú.

- **Cabatáiste.** Níl an fostóir lena bhfuil tú ag obair bunaithe sa Bhallstát ina ndéanann tú oibríochtaí iompair intíre.
- **Trastrádáil.** Oibríochtaí iompair idir dhá Bhallstát, nó idir Ballstát agus tír neamh-AE, agus níl d'fhostóir bunaithe in aon cheann de na tíortha sin.
- **Turas gan lasta.** Turas a dhéantar i dtaca le cabatáiste, nó oibríocht thrastrádála a thagann faoi rialacha postaithe.
- **Comh-oibríochtaí iompair.** Más oibríocht thrastrádála nó chabatáiste í an chéad chuid nó an chuid dheireanach de chomh-oibríocht iompair, ní tiománaí ar phostú thú ach amháin nuair a bhíonn an chéad chuid nó an chuid dheireanach sin á déanamh agat.

**I gcás seiceála ar thaobh an bhóthair,** ní mór duit na nithe seo a leanas a thaispeáint don chigire:

- cóip den dearbhú postaithe (leagan leictreonach nó páipéir);
- fianaise ar oibríocht/oibríochtaí iompair atá ar siúl sa Ballstát óstach (e.g. nóta coinsíneachta); agus
- taifid tacagraif.

Ní mór do d'fhostóir a áirithiú go bhfuil na doiciméid cothrom le dáta sin ar fáil duit.

## Cén luach saothair agus dálaí oibre eile a bhfuil tú i dteideal a fháil?



Má tá an luach saothair foriomlán agus na dálaí oibre foriomlána níos fearr sa tír ina bhfuil tú ar phostú ná sa tír ina bhfuil d'fhostóir bunaithe, tá tú i dteideal leibhéal luach saothair níos airde agus dalaí oibre níos fearr. Mura bhfuil an leibhéal níos airde, tá feidhm ag rialacha na tíre bunaíochta.

# Ní tiománaí ar phostú thú

Má dhéanann tú aon cheann de na hoibríochtaí iompair seo a leanas, ní tiománaí ar phostú thú.

- **Oibríocht dhéthaobhach.** Earraí a iompar ón mBallstát ina bhfuil d'fhostóir bunaithe go tír eile (laistigh nó lasmuigh den AE), nó filleadh ó aon tír eile (laistigh nó lasmuigh den AE) go dtí an Ballstát ina bhfuil d'fhostóir bunaithe.
- **Gníomhaíochtaí teoranta breise luchtaithe agus/nó díluchtaithe.** Sna Ballstáit nó i dtíortha neamh-AE a thrasnaítear agus oibríocht dhéthaobhach á cur i gcrích.
- **Idirthuras.** Ballstát a thrasnú gan aon luchtú ná díluchtú.
- **Turas gan lasta.** Má dhéantar do thuras i gcomhcheangal le hoibríocht dhéthaobhach
- **Comh-oibríochtaí iompair.** Más oibríocht thrastrádála í an chéad chuid nó an chuid dheireanach de chomh-oibríocht iompair, ní tiománaí ar phostú thú ach amháin nuair a bhíonn an chéad chuid nó an chuid dheireanach sin á déanamh agat.

## Cén luach saothair agus dálaí oibre a bhfuil tú i dteideal a fháil?

Sa chás nach tiománaí ar phostú thú, beidh feidhm ag leibhéil luach saothair agus dalaí oibre an Bhallstáit ina bhfuil d'fhostóir bunaithe.





2022.1917_GA.indd 3-4 12/8/22 9:13